# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. NÁ DÉAN DEARMAD DE, LE DO THOIL, GO gCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist

## 1. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

### A. Tírghnéithe

**(i)** Ainmnigh tírghné **amháin** a foirmíodh ag **creimeadh abhann**.
Déan cur síos, le cabhair léaráidí, ar conas a foirmíodh í.

**(ii)** Ainmnigh tírghné **amháin** a foirmiodh ag **sil-leagan abhann**.
Déan cur síos, le cabhair léaráidí, ar conas a foirmíodh í.

[12]

### B. Aibhneacha agus a n-Úsáidí

Ì gcás **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, déan cur síos ar an tslí a mbaineann daoine úsáid as aibhneacha:

- Iompar
- Uisciú
- Cumhacht

[12]

### C. Aibhneacha agus Fadhbanna

Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhféadann aibhneacha a bheith mar chúis le fadhbanna do dhaoine.

[6]

## 2. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Féach ar an sliocht Suirbhéireacht Ordanáis don Ghaillimh agus an eochair eolais a thugtar leis seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.
Marcáil iad seo uirthi agus ainmnigh iad:

- Líne an chósta
- Abhainn mhór
- Príomhbhóthar Náisiúnta
- Bealach bád farantóireachta
- An ceantar i gcathair na Gaillimhe atá faoi fhoirgnimh

[12]

**B.**

(i) Bain úsáid as fianaise ón léarscáil agus déan cur síos ar **dhá** chúis ar fhorbair an Ghaillimh ag an suíomh seo.

(ii) Tomhais an fad - ina chiliméadair - ar an mbóthar N6 ón timpeallán ag M 321 272 go dtí an timpeallán ag M 388 249.

[10]


**C.** Samhlaigh go bhfuil cónaí ort i nGaillimh. Scríobh litir chuig cara leat agus tabhair cuireadh dó/di teacht ar laethanta saoire. Bain úsáid as fianaise ón léarscáil agus mol **ceithre** rud ar ábhar spéise do thurasóirí iad agus a bhféadfá cuairt a thabhairt orthu in éineacht leis/léi.

[8]



**THALL →**

**3. MONARCHA MAR CHÓRAS**




Féach ar an léaráid seo, a thaispeánann monarcha mar chóras, le hionchuir, próisis agus aschuir.

**A.** **(i)** Ainmnigh monarcha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ionchur, **dhá** phróiseas agus **dhá** aschur de chuid na monarchan roghnaithe.

[8]

**B.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** chúis gur fhorbair an monarcha, atá ainmnithe agat, sa suíomh ina bhfuil sí faoi láthair.

[12]

**C.** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhféadann tionscail damáiste a dhéanamh don timpeallacht.

**(ii)** Déan cur síos ar shlí **amháin** ina ndéanann tionscail iarracht a leithéid de dhamáiste don timpeallacht a laghdú nó a sheachaint.

[10]

## 4. AERFÓTAGRAF

Déan staidéar ar an aerfótagraf de chuid den Ghaillimh, a thugtar leis an bpáipéar seo.

[NOD: Cuimhnigh air gur aerfótagraf sceabhach é seo. Mar sin, ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid, e.g. an Cúlra ar Clé, an Tulra ar Dheis, etc.].

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar san fhótagraf.
Marcáil iad seo uirthi agus ainmnigh iad:

- abhainn
- droichead thar bhóthar
- **dhá** shráid a chónascann a chéile
- carrchlós.

[12]

**B.** Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf agus déan cur síos ar **dhá** phríomh-réimsí d'úsáid talún difriúil, sa cheantar a thaispeántar san fhótagraf.

[6]

**C.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** cinn de na **príomhsheirbhísí** atá ar fáil sa chuid seo de chathair na Gaillimhe.

[12]




THALL →

## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna A, B, C, D.**

### 5A. TRUAILLIÚ




**(i)** Déan cur síos ar **thrí** shlí a dtaispeántar sa phictiúr seo conas is féidir le daoine truailliú a dhéanamh ar an timpeallacht.

**(ii)** Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma **athchúrsáil**.

[10]

### 5B. STAIDÉAR AR AN AERÁID


Ainmnigh cineál **amháin** aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air. (e.g. aeráid fhásaigh the, aeráid mheánmhara).

**(i)** Déan cur síos go hachomair ar an aeráid agus ar an bhfásra a fhaightear ann.

**(ii)** Déan cur síos ar shlí **amháin** ina dtéann an aeráid i bhfeidhm ar na daoine a chónaíonn ann.

[10]

## 5C. DAONRA




Féach ar an ngraf seo, a thaispeánann an t-athrú i ndaonra an domhain idir 1800 agus 2100.

**(i)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tslí a bhfuil athrú tagtha ar dhaonra an domhain ó 1800.

**(ii)** Mínigh an difríocht idir an t-athrú daonra i Réigiúin Fhorbartha agus Réigiúin i mBéal Forbartha.

[10]

## 5D. BAILTE SEANTÁN



**(i)** Le cabhair an fhótagraif, mínigh cad is **baile seantán** ann.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** fhadhb a bhíonn ag daoine a chónaíonn i mbailte seantán.

[10]

Leathanach Bán